FOIRM IARRATAIS
DON PHOST MAR

# Phríomhoide Tánaisteach

## ar Choláiste Eoin

**Baile an Bhóthair, Baile Átha Cliath**

Ainm agus Sloinne an Iarrthóra: ______________________________

| | |
|---|---|
| **CAITHFEAR an fhoirm seo a chur i bhfoirm PDF leis an ríomhphost chuig**<br><br>**Ní ghlacfar le hiarratas ar bith a thagann isteach tar éis 5pm Dé Céadaoin 17 Meán Fómhair**<br><br>**Dáta (sealadach) do na hagallaimh:**<br>**Luan 29 Meán Fómhair i bpearsan i mBaile Átha Cliath**<br><br>**Tá an próiseas roghnúcháin don phost seo faoi réir Chiorclán 0062/2021– Córas Achomhairc le haghaidh Ceapacháin Bhuana chuig post an Phríomhoide agus an Leas-Phríomhoide.** | • **Caithfear an fhoirm seo a shíniú.**<br>• **Caithfear gach ceist a fhreagairt.**<br>• **Ná hathraigh uimhreacha na gceisteanna, an t-ord ina bhfuil siad ná leagan amach na foirme.**<br>• **Bain úsáid as cló Arial méid 12 agus tú ag comhlánú na foirme.**<br>• **Ná sáraigh líon na bhfocal atá sonraithe i ngach rannóg den fhoirm.**<br>• **Ní ceart aon litir iarratais ná CV a sheoladh leis an bhfoirm seo.**<br><br>**Má theipeann ort gach ceann de na riachtanais thuas a chomhlíonadh, tarraingeofar d'iarratas siar ón bpróiseas seo.** |

## 1. PEARSANTA

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm agus Sloinne Iomlán | | | |
| Seoladh Iomlán | | | |
| Guthán | | Guthán Póca | |
| Ríomhphost | | | |
| Post faoi láthair agus áit fostaíochta. | | | |
| An bhfuil cúig bliana de thaithí mar mhúinteoir cáilithe agat? (Féach Imlitir 04/98.) | Tá ☐ Níl ☐ (Cuir X sa bhosca cuí) | | |
| Uimhir Chláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta | | | |
| Mura bhfuil uimhir chláraithe agat, an bhfuil tú incháilithe le clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta? | Tá ☐ Níl ☐ (Cuir X sa bhosca cuí) | | |
| Mura bhfuil, luaigh na sonraí le do thoil. | | | |

*[Tabhair faoi deara le do thoil go n-íocfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) an t-iarrthóir rathúil agus go mbeidh air/uirthi coinníollacha ROS a chomhlíonadh, lena n-áirítear clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta d'earnáil na Meánscoileanna Deonacha.]*

## 2. CÁILÍOCHTAÍ

### 2.1 Bunchéimeanna

| Institúid | Ábhair na mBunchéimeanna /na dDioplomaí | Bunchéimeanna Pas/Onóracha | Bliain na Céime |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |

### Dioplóma Múinteoireachta

| Dioplóma | Ollscoil | Pas/Onóracha | Bliain na Céime |
|---|---|---|---|
| | | | |

### 2.2 Dioplomaí Iarchéime

| Iarchéim | Ollscoil | Pas/Onóracha | Bliain na Céime |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

### 2.3 Cáilíochtaí Ábhartha Eile (e.g. Máistreacht/Ph.D)

| Cáilíocht | Ollscoil | Pas/Onóracha | Bliain na Céime |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## 3. BAINISTÍOCHT GHAIRMIÚIL / FORBAIRT CEANNAIREACHTA

3.1 Liostaigh cúrsaí bainistíochta/ceannaireachta nach bhfuil luaite i Rannóg 2 thuas. Cuir dátaí na hoiliúna ábhartha agus fad na gcúrsaí seo mar aon le cáilíochtaí breise san áireamh le do thoil. (tosaigh leis an gceann is déanaí agus oibrigh siar)

| **Ainm an Chúrsa** | **Eagraíocht/Institúid a reáchtáil an cúrsa** | | **Fad an Chúrsa** | **Dátaí** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

3.2 Cad iad na scileanna agus an t-eolas tábhachtach a d'fhorbair tú mar thoradh ar **na cúrsaí seo agus ar na cúrsaí i Rannóg 2** den fhoirm seo agus mínigh conas mar atá siad ábhartha **don phost mar Phríomhoide Tánaisteach**? **(Ná scríobh níos mó ná 300 focal)**

## 4. MÚINTEOIREACHT AGUS TAITHÍ ÁBHARTHA EILE

4.1 Fostaíocht (tosaigh leis an gceann is déanaí agus oibrigh siar). Abair, le do thoil, an raibh an post lánaimseartha (L) nó páirtaimseartha (P).

| **Dátaí (ó, go)** | **L nó P?** | **Ainm na Scoile nó Institiúid eile** | **Freagrachtaí** |
|---|---|---|---|
| | | | |

4.2 Poist Freagrachta nó a gcomhionann (tosaigh leis an gceann is déanaí agus oibrigh siar). Abair, le do thoil, an raibh an post á íoc ag an Roinn (ROS) ag an Scoil (S) nó deonach (D). PO=Príomhoide, POT= Príomhoide Tánaisteach, PC1, PC2, CC=Comhordaitheoir Cláir

| **Dátaí (ó, go)** | **Post: PO, POT, PC1, PC2, CC** | **ROS or S nó D** | **Scoil nó institúid** | **Ról** |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

4.3 Liostaigh, le dátaí ginearalta, gníomhaíochtaí seach-churaclaim a bhfuil nó a raibh baint agat leo: (tosaigh leis an gceann is déanaí agus oibrigh siar):

4.4 Taithí ábhartha eile (i.e. Sóisialta/Gnó tosaigh leis an gceann is déanaí agus oibrigh siar)

| **Dátaí (ó, go)** | **Post** | **Eagraíocht** | **Cúramaí** |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

4.5 Tabhair cuntas gearr ar **<u>3 cinn</u>** de na rudaí is mó atá curtha i gcrích agat, i dtaca le 4.1 go 4.4 thuas: **(Ná scríobh níos mó ná 200 focal)**

4.6 Céard iad na gnéithe den taithí a luaigh tú thuas, sna rannóga 4.1 go 4.5, a d'ullmhaigh thú do **ról an Phríomhoide Tánaistigh (Ná scríobh níos mó ná 300 focal)**

# 5. RÓL AGUS FEIDHM AN PHRÍOMHOIDE

*Aithnítear go bhfuil inniúlachtaí ar leith riachtanach le feidhmiú go héifeachtach i ról an Phríomhoide Tánaistigh:*

- **Ceannaireacht i Scoil Chreidimh**
- **Cultúr forbartha iomlánaíoch a chur chun cinn, ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc san áireamh**
- **Caidreamh idirphearsanta agus forbairt inniúlacht ceannaireachta**
- **Scileanna eagrúcháin agus riaracháin, bainistiú na heagraíochta san áireamh**
- **Bainistíocht straitéiseach agus ceannaireacht ar fhorbairt scoile**
- **Féinfheasacht agus scileanna féinbhainistíochta**

*Tugtar sainmhíniú ar gach inniúlacht ar chúl na Foirme Iarratais seo. Nuair a iarrtar ort sampla a thabhairt d'ócáid nó de bhealach inar léirigh tú inniúlacht ar leith, is féidir sampla a úsáid ó shuíomhanna éagsúla lena n-áirítear gairmiúil, sóisialta, spóirt nó deonach. I gcás gach sampla cuir an méid seo a leanas san áireamh:*

*a) cineál an chúraim, na faidhbe nó an chuspóra*
*b) cad a rinne tú agus conas a léirigh tú an scil nó an cháilíocht a bhaineann leis an réimse ar leith (agus, nuair is cuí, an dáta a léirigh tú é)*
*c) an toradh nó torthaí an cháis.*

*Le fairsinge do chuid taithí a léiriú, moltar duit gan an sampla céanna a úsáid i do fhreagra ar níos mó ná dhá cheann de na critéir.*

**(Ná scríobh níos mó ná 300 focal i do chuid freagraí ar 5.1 go 5.6)**

**5.1 Ceannaireacht i Scoil Chreidimh:** Léiríonn sé/sí tuiscint ar shainspiorad na scoile, ar a traidisiún, ar a héiteas agus ar a rún bunaidh mar a léirítear i gcroícháipéisí agus tá a fhios aige/aici conas a bhaineann sé seo le saol na scoláirí agus na foirne teagaisc agus le curaclam, cultúr agus aeráid na scoile.

***Tabhair SAMPLA AMHÁIN a thaispeánfaidh an chaoi ar léirigh tú do chuid tuisceana ar shainspiorad do scoile. (Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

**5.2 Cultúir Forbartha Iomlánaíoch a Chur Chun Cinn lena n-áirítear Foghlaim agus Teagasc a Cheannaireacht** - Aithníonn sé/sí an tiomantas don chuimsiú, don chomhionannas deiseanna agus d'fhorbairt iomlánaíoch gach dalta tríd an gCuraclam foirmiúil mar aon le hábhair agus gníomhaíochtaí Comhchuraclaim agus Seachchuraclaim, a eascraíonn ó shainspiorad na scoile agus chuireann leis sainspiorad sin.

***Tabhair SAMPLA AMHÁIN a thaispeánfaidh an chaoi ar léirigh tú do chuid tiomantais don chuimsiú, agus d'fhorbairt iomlánaíoch do do chuid scoláirí. (Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

| |
|---|
| **5.3 Caidrimh Idirphearsanta lena n-áirítear Cumas Ceannaireachta a Fhorbairt** - Léiríonn sé/sí an cumas leis an bhfoireann a chumasú le Róil Cheannaireachta a ghlacadh i ngach réimse de shaol na scoile a thacaíonn le misean agus fís na scoile a bhaint amach mar atá curtha in iúl ag an mBord Bainistíochta. |

***Tabhair SAMPLA AMHÁIN a thaispeánfaidh an chaoi ar thacaigh do chuid oibre, mar bhall d'fhoireann scoile, le gné éigin de mhisean na scoile a bhaint amach. (Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

| |
|---|
| **5.4 Bainistíocht & Riarachán lena n-áirítear Bainistíocht na hEagraíochta** - Léiríonn sé/sí an cumas agus/nó an taithí chun dearadh, pleanáil agus feidhmiú churaclam na scoile a bhainistiú (cláir, ábhair agus gníomhaíochtaí) a thacaíonn le baint amach spriocanna agus cuspóirí na scoile, ag teacht le riachtanais ROS agus leis an méid a eascraíonn ón FMS. |

***Tabhair sampla AMHÁIN den chaoi ar chuir tú le bainistíocht agus riaradh do scoile, rud a d'fhág go raibh bainistíocht níos fearr ar ghné éigin d'acmhainní na scoile. (Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

**5.5 Bainistíocht Straitéiseach lena n-áirítear Forbairt Scoile Ceannaireachta -** Léiríonn sé/sí tuiscint ar an gcaoi le plean straitéiseach a fhorbairt don scoil i gcomhar le Leas-Phríomhoide/í, leis an bhFoireann agus leis an mBord Bainistíochta.

***Tabhair sampla AMHÁIN de thionscnamh a stiúraigh tú i do scoil a raibh tionchar buan aige uirthi. (Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

**5.6 Féinfheasacht & Scileanna Féinbhainistíochta -** Léiríonn sé/sí toilteanas cultúr feabhsúcháin leanúnaigh a chur chun cinn i measc comhghleacaithe trí thacú leo a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha.

***Tabhair sampla AMHÁIN den chaoi ar athraigh tú gné éigin de do chleachtais ghairmiúla, mar gheall ar fhéinmhachnamh agus/nó aiseolas a fuarthas ó dhaoine eile i bpobal na scoile. (Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

## 6. DÚSHLÁIN CHOMHAIMSEARTHA DO SCOILEANNA

**Céard iad na dúshláin agus na saincheisteanna ar leith a bhfuil tionchar acu ar bhainistíocht agus ar cheannaireacht i meánscoil dheonach chreidimh?** ***(Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

## 7. FÍS PHEARSANTA

7.1 Tabhair breac-chuntas ar do fhís phearsanta oideachasúil maidir le ról an Phríomhoide Tánaistigh i gColáiste Eoin. ***(Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

7.2 **Dá n-ainmneofaí mar Phríomhoide Tánaistigh i gColáiste Eoin thú, cad é an clár oibre a chuirfeá romhat?** ***(Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

## 8 SANSPIORAD SCOILE

Tabhair breac-chuntas ar gcaoi a chinnteofá go bhfuil sainspiorad Chairt Iontaobhais Scoileanna Eamainn Rís beo sa scoil seo. ***(Ná scríobh níos mó ná 300 focal)***

## 9 DEARBHÚ GRINNFHIOSRÚCHÁIN

**Ní chuirfear d'iarratas san áireamh mura gcomhlánaíonn tú an rannóg seo.**

9.1 An ndearna na Gardaí, FSS nó d'fhostóir fiosrúchán ort maidir le gearáin a bhfuil bunús leo maidir leis an gcaoi ar chaith tú le leanaí?

RINNE ☐ NÍ DHEARNA ☐

**Cuir X sa bhosca cuí**

9.2 Ar cuireadh aon líomhain maidir le héagóir nó le hiompar coiriúil i do leith mar a bhain le mionaoiseach?

CUIREADH ☐ NÍOR CUIREADH ☐

**Cuir X sa bhosca cuí**

9.3 An eol duit aon chúinsí ábhartha ó thaobh d'iompar féin de a bhain/bhaineann le leas mionaoisigh?

IS EOL ☐ NÍ HEOL ☐

**Cuir X sa bhosca cuí**

Tabhair do d'aire, le do thoil, gur téarma bunúsach de d'fhostaíocht é go ndéanann tú nochtadh iomlán cuí maidir leis na ceisteanna a leagtar amach thuas. Ba chóir duit a thabhairt faoi deara freisin má tá an scoil den tuairim, amach anseo, go bhfuil nochtadh neamhiomlán nó míchruinn déanta agat, go bhféadfadh gníomh smachtaithe a ghearradh ort, suas go dtí dífhostú agus é sin san áireamh.

Geallann an scoil go gcaithfear le gach freagra a thugann tú ar na ceisteanna thuas mar fhreagra faoi rún, faoi réir aon oibleagáidí tuairiscithe a d'fhéadfaí a chur ar an scoil, de bhun "Tús Áite do Leanaí" arna fhoilsiú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Nósanna Imeachta um Chaomhnú Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais nó de bhun aon oibleagáid dhlíthiúil a chuirtear ar an scoil chun imscrúdú éifeachtach ar choireacht a éascú.

Sa chás go moltar do cheapachán don phost seo tá dualgas ar an mBord Bainistíochta cloí le téarmaí Imlitreacha reatha ROS. Is é polasaí an Bhoird Bainistíochta go ndéanfar grinnfhiosrúchán ar gach múinteoir agus ar fhoireann tacaíochta nuacheaptha agus go ndéanfar toradh an ghrinnfhiosrúcháin a mheas i bhfianaise pholasaí grinnfhiosrúcháin na scoile. Baineann sé seo le ceapacháin chuig poist mhúinteoireachta, poist phríomhoide agus leas-phríomhoidí nuair nach bhfuil an duine ina fhostaí de chuid na scoile faoi láthair agus tá feidhm aige is cuma an ndearnadh grinnfhiosrúchán ar an duine aonair roimhe seo nó nach ndearnadh.

## 10ÉITEAS NA SCOILE

Is mian leis an mBord Bainistíochta a dhearbhú go nglactar le gach iarratas ar an tuiscint go bhfuil éiteas na scoile léite ag an iarrthóir agus go dtacaíonn sé/sí leis mar atá leagtha amach i gCairt Iontaobhais Scoileanna Éamainn Rís agus tá sé/sí sásta glacadh le ról an Phríomhoide Tánaistigh mar a chuirtear síos air sa doiciméad seo.

## 11TEISTIMÉIREACHTAÍ

*Tabhair ainmneacha agus sonraí teagmhála triúr moltóirí a bhfuil aithne acu ort i gcomhthéacs gairmiúil agus a dtugann tú cead do bhall den Choiste Roghnúcháin/an Bhoird Agallaimh teagmháil a dhéanamh leis/léi le teistiméireachta gairmiúla a fháil mar chuid den phróiseas earcaíochta seo. Is féidir na teistiméireachtaí a úsáid freisin chun cruinneas na ráiteas a rinne tú ar an bhfoirm iarratais agus/nó ag agallamh a sheiceáil. Mura n-áirítear do Phríomhoide reatha nó do Phríomhoide roimhe seo i measc do mholtóirí, má ceapadh do Phríomhoide reatha le 3 bliana anuas, féadfaidh an Coiste Roghnúcháin dul i dteagmháil le ceachtar den dá Phríomhoide nó leis an mbeirt Phríomhoidí le haghaidh teistiméireachta.*

*Féadfaidh duine ainmnithe den Choiste Roghnaithe/Bord Agallaimh dul i dteagmháil le cuid de na moltóirí nó leis na moltóirí go léir*

*(a) tar éis gearrliostaithe agus roimh na hagallaimh, nó*
*(b) nuair ata na hagallaimh thart*

*Cibé cás atá ann, ní roinnfear na teistiméireachtaí a gheofar ach le baill eile an Choiste Roghnúcháin/an Bhoird Agallaimh sa chás go meastar go bhfuil go leor marcanna faighte agat ag an agallamh le bheith san áireamh mar iarrthóir incheaptha don Phríomhoide sa scoil seo. Scriosfar teistiméireachtaí nach bhfuil oscailte ar bhealach slán rúnda.*

*Ba chóir duit a thabhairt faoi deara nach léiríonn teagmháil an Choiste Roghnúcháin le duine amháin nó níos mó de do mholtóirí gur dóigh go gceapfar thú, mar go gcinnfidh gach Coiste Roghnúcháin ar a nósanna imeachta féin maidir le seiceáil teistiméireachta.*

| | **Moltóir Gairmiúil 1** | **Moltóir Gairmiúil 2** | **Moltóir Gairmiúil 3** |
|---|---|---|---|
| Ainm | | | |
| Seoladh | | | |
| Uimhir Fóin | | | |
| Ríomhphost | | | |
| Cén chaoi a bhfuil aithne agat ar an duine seo? | | | |

## GEALLTANAS

**Dearbhaím don Bhord Bainistíochta go bhfuil an t-eolas ar fad a tugadh anseo fíor agus cruinn.**

**Tuigim, má ainmnítear chun mo cheaptha mé, go mbeidh tairiscint fostaíochta coinníollach ar gach riachtanas ó thaobh grinnfhiosrúcháin agus cosaint leanaí de a chomhlíonadh de réir na reachtaíochta ábhartha agus de réir threoirlínte agus chiorcláin na Roinne Oideachais.**

**Tuigim, má ainmnítear don phost mé, go bhféadfadh go mbeidh orm bunteastais de mo chuid cáilíochtaí a chur ar fáil do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.**

**Síniú an Iarrthóra:**

**Dáta:**

Is féidir na leathanaigh seo a bhaint den Fhoirm Iarratais chomhlánaithe.

## MARCANNA

**Mar chuid den fhógra faoi thoradh an chomórtais, tabharfar na marcanna a fuair sé/sí faoi gach ceann de na critéir roghnúcháin do gach iarrthóir a cuireadh faoi agallamh.**

## CRITÉIR

***Beidh na critéir roghnúcháin seo a leanas i bhfeidhm sa phróiseas agallaimh:***

- ***Ceannaireacht i Scoil Chreidimh***
- ***Cultúr forbartha iomlánaíoch a chur chun cinn, ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc san áireamh***
- ***Caidreamh idirphearsanta agus forbairt inniúlacht ceannaireachta***
- ***Scileanna eagrúcháin agus riaracháin, bainistiú na heagraíochta san áireamh***
- ***Bainistíocht straitéiseach agus ceannaireacht ar fhorbairt scoile***
- ***Féinfheasacht agus scileanna féinbhainistíochta***

## COSAINT SONRAÍ

*Coinneoidh an scoil gach eolas pearsanta a thugtar anseo slán agus faoi rún agus is le haghaidh an phróiseas earcaíochta amháin a úsáidfear é. Coinneofar na foirmeacha iarratais ar feadh tréimhse 18 mí tar éis an ainmniúcháin agus i gcás an té a ainmnítear, ar feadh a t(h)réimhse fostaíochta agus seacht mbliana ina dhiaidh sin. Ní thabharfar aon chuid den eolas seo do dhuine*

*ar bith eile gan do chead, ach amháin le riachtanais reachtúla a chomhlíonadh. Tá sé oscailte duit ag uair ar bith cead a lorg teacht ar an eolas pearsanta atá ag an scoil i do thaobh. Má theastaíonn uait athrú a dhéanamh ar aon chuid den eolas seo, nó aon chuid de a scrios, déan teagmháil le Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, led' thoil.*

## NÓTAÍ BREISE

- **Tá an próiseas roghnúcháin don phost seo faoi réir Chiorclán 0062/2021 – Córas Achomhairc le haghaidh Ceapacháin Bhuana chuig post an Phríomhoide agus an Leas-Phríomhoide.**
- **Is tríd an ríomhphost a dhéanfar cumarsáid maidir leis an bpróiseas ceapacháin seo de ghnáth. Iarrtar ort na socruithe turscair agus socruithe eile ríomhphoist a sheiceáil lena chinntiú gur féidir leat ríomhphoist a fháil ón gCoiste Roghnúcháin/ón mBord Agallaimh agus ón mBord Bainistíochta.**
- **Ní ghlacfar le hiarratais a gheofar i ndiaidh an spriocdháta.**
- **Is fostóir comhdheiseanna é Bord Bainistíochta, Coláiste Eoin**
- **D'fhéadfadh go ndéanfaí gearrliostú ar na hiarrthóirí.**
- **Féadfar go nglaofar iarrthóirí chun níos mó ná agallamh amháin nó chun nós imeachta roghnúcháin breise.**
- **Cuirfear as an áireamh aon duine a théann i mbun canbhasála.**
- **Tá aon tairiscint fostaíochta a dhéantar coinníollach ar an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar an duine ceaptha ionchais de bhun na nAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012-2016, chun sástacht an Bhoird Bainistíochta.**
- **Ina theannta sin, beidh ar an té a cheapfar dearbhú reachtúil agus foirm ghealltanais a bhaineann le cosaint leanaí a chomhlánú agus iad a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta sula dtiocfaidh sé/sí isteach sa phost.**
- **Ní íocfaidh an Roinn Oideachais (RO) an t-iarrthóir rathúil ach amháin má chomhlíonann sé/sí coinníollacha na RO, lena n-áirítear clárú sonrach leis an gComhairle Mhúinteoireachta le haghaidh Meánscoileanna san Earnáil Dheonach**

**Seicliosta d'Iarrthóirí**

- An bhfuil an fhoirm sínithe agat?
- An bhfuil d'ainm ar an gclúdach tosaigh?
- An bhfuil gach ceist freagartha agat?
- An bhfuil na ceisteanna san ord a raibh siad ann i dtús báire?
- An bhfuil na freagraí clóscríofa in Arial, méid cló 12?
- An bhfuil líon na bhfocal sna freagraí laistigh den uasmhéid sonraithe i rannóga éagsúla?
- Ar sheiceáil tú ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Múinteoireachta go bhfuil tú cláraithe chun múineadh san earnáil Scoileanna Dara Leibhéal Deonacha?

## Sainmhíniú ar na hInniúlachtaí

| A. Ceannaireacht i Scoil Chreidimh |
|---|
| Sainmhíniú: Cothaíonn an Príomhoide Tánaisteach an cleachtas pobal scoile a thógáil de réir thraidisiún reiligiúnach na scoile agus i gcomhréir leis na luachanna i ráiteas misin agus i bhfealsúnacht shainráite na scoile. Riachtanas gairme a bheidh ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi mar Phríomhoide Tánaisisteach ná spiorad sainiúil sonraithe na scoile a thuiscint, a chosaint agus a chur chun cinn. Beidh an Príomhoide Tánaisteach tiomanta i dtaobh na n-éileamh a bhainfeadh le cosaint agus le cur chun cinn den sórt sin. Beidh sé/sí ag feidhmiú i gcomhréir leis an gcáilíocht i dtaca le gníomhaíocht, feidhm agus láithreacht atá leagtha síos ag an mBord Bainistíochta thar ceann na nIontaobhaithe, de réir mar is gá chun an ról seo a chomhlíonadh. |
| **B: Cultúr Iomlánaíoch Forbartha a chur chun cinn, Ceannaireacht, Foghlaim agus Teagasc san áireamh** |
| Sainmhíniú: Cruthaíonn an Príomhoide Tánaisteach cultúr d'fheabhsú, comhoibriú, nuálaíocht agus cruthaitheacht san fhoghlaim, sa teagasc agus sa mheasúnú agus i mbainistiú phleanáil agus fheidhmiú churaclam na scoile, chomh maith leis an gcultúr sin a chur chun cinn. Cothaíonn sé/sí tiomantas do chuimsiú, comhdheiseanna agus forbairt iomlánaíoch gach scoláire sa Churaclam foirmiúil in éineacht le hábhair agus gníomhaíochtaí Comhchuraclaim agus Seachchuraclaim, ina gcuirfear spiorad sainiúil na scoile san áireamh mar aon le cur leis an spiorad sin. Cothaíonn sé/sí forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a shaibhríonn foghlaim na múinteoirí agus na scoláirí agus lena mbaintear amach torthaí arda oideachais. |
| **C. Caidreamh Idirphearsanta, Acmhainn na Ceannaireachta a Fhorbairt san áireamh** |
| Sainmhíniú: Déanann an Príomhoide Tánaisteach measúnú ar a chleachtas/a cleachtas mar cheannaire agus forbraíonn sé/sí an tuiscint atá aige/aici ar cheannaireacht inbhuanaithe éifeachtach. Déanann sé/sí caidreamh gairmiúil ina léirítear meas a thógáil agus a chothú le baill foirne, scoláirí, tuismitheoirí agus gníomhaireachtaí tacaíochta, líonraí gairmiúla le ceannairí scoile eile san áireamh. Déanann an Príomhoide Tánaisteach foirne a bhunú agus a fhorbairt i ngach réimse de shaol na scoile, chomh maith le ceannaireacht a thabhairt orthu. Déanann sé/sí forbairt ar ghuth na scoláirí, rannpháirtíocht na scoláirí agus ceannaireacht na scoláirí a chothú agus a éascú. Baineann an Príomhoide Tánaisteach feidhm as scileanna cumarsáide cuí le cur ar a gcumas do bhaill foirne róil cheannaireachta a ghlacadh agus a chomhlíonadh. Bíonn sé/sí ag súil leis na dúshláin choimhlinte a bhíonn mar chuid den ról seo, chomh maith le dul i ngleic leo agus iad a bhainistiú. Déanann an Príomhoide Tánaisteach forbairt na hacmhainne ceannaireachta a spreagadh agus a chothú i measc baill foirne i ngach réimse de shaol na scoile lena dtacaítear le misean agus fís na scoile a bhaint amach de réir mar a chuireann an Bord Bainistíochta an misean agus an fhís sin in iúl. |
| **D: Bainistíocht agus Riarachán, an Eagraíocht a Bhainistiú san áireamh** |
| Sainmhíniú: Déanann an Príomhoide Tánaisteach acmhainní daonna, fisiciúla agus airgeadais na scoile a bhainistiú le heagraíocht foghlama a chruthú agus a chothú agus chun dul i ngleic le cásanna casta dúshlánacha ar bhealach ina léirítear comhionannas, cothroime agus cóir. Tugann an Príomhoide ceannaireacht do phobal na scoile agus meastóireacht á déanamh i rith an ama ar |

| |
|---|
| ghníomhaíochtaí agus ar chaidrimh na scoile i bhfianaise a spriocanna mar atá siad sin leagtha amach ag an mBord Bainistíochta agus mar a shainaithnítear mar chuid den Fhéinmheastóireacht Scoile. Baineann sé/sí leas as raon de mhodhanna agus de chórais phleanála agus eagrúcháin chun tosaíochtaí, spriocanna agus tráthchláir a shocrú lena gcinntítear go n-úsáidtear am agus acmhainní go héifeachtach. Bunaíonn sé/sí timpeallacht foghlama ordúil, slán agus sláintiúil, agus coinníonn sé/sí í trí chumarsáid éifeachtach. Forbraíonn sé/sí agus cuireann sé/sí i bhfeidhm córas chun freagracht agus cuntasacht ghairmiúil a chur chun cinn. |
| **E. Bainistíocht Straitéiseach, Ceannaireacht ar Fhorbairt na Scoile san áireamh** |
| Sainmhíniú: Léiríonn an Príomhoide Tánaisteach an cumas bainistiú, ceannaireacht agus idirghabháil a dhéanamh ar an athrú d'fhonn freagairt ar riachtanais na scoile atá ag athrú agus ar athruithe san oideachas lena n-áirítear an creat reachtach ina mbíonn scoileanna ag feidhmiú. Leis an méid sin a dhéanamh, is gá a bheith ag obair i gcomhar le gach páirtí leasmhar chun an spiorad sainiúil agus an fhís atá mar threoir ag an scoil a chur in iúl agus chun bheith i gceannas ar bhaint amach an spioraid agus na físe sin. Tá an Príomhoide Tánaisteach i gceannas ar rannpháirtíocht na scoile i bpróiseas leanúnach na féinmheastóireachta agus na pleanála straitéisí. Déanann sé/sí caidrimh a thógáil agus a choinneáil laistigh den scoil, le scoileanna eile agus leis an bpobal níos leithne. |
| **F. Scileanna Féinfheasachta agus Féinbhainistíochta** |
| Sainmhíniú: Léiríonn an Príomhoide Tánaisteach feasacht ar a scileanna féin agus ar réimsí feabhsúcháin agus tá an acmhainn ann/inti iad a bhainistiú mar is cuí. Tugann an Príomhoide Tánaisteach aiseolas chomh maith le haiseolas a fháil. Léiríonn sé nó sí féin cultúr féinmhachnaimh chomh maith leis an gcultúr sin a chur chun cinn. Tugann sé/sí aire dá fholláine/folláine féin mar aon le cuidiú a thabhairt do dhaoine eile aire a thabhairt dá bhfolláine féin. Léiríonn an Príomhoide Tánaisteach an cumas na mothúcháin dheacra a bhíonn aige/aici féin a bhainistiú agus tá go leor féinfheasachta aige/aici tacaíocht a lorg nuair a bhíonn gá lena leithéid, go háirithe nuair a bhíonn cásanna dúshlánacha ann. Tá sé/sí ábalta é/í féin a spreagadh agus tabhairt faoina scileanna féinfheasachta agus féinbhainistíochta a fhorbairt. |